snas.ie

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

# FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ
## TEAGASC AR LÍNE

## AN BOSCA CABAIREACHTA
# CLEACHTADH AR FHOGHRAÍOCHT / LITRIÚ

### Aidhm

Cleachtadh ar fhoghraíocht/litriú.

Tá an bosca cabaireachta áisiúil i gcomhair cleachtaí foghraíochta/litrithe ag an mbunleibhéal.

### Treoir

Léigh os ard focail atá foghlamtha ag na foghlaimeoirí bainteach le topaic an ranga – caithfidh siad an rud a chloiseann siad a scríobh go cruinn sa bhosca cabaireachta.
Feicfidh an múinteoir ó na freagraí an bhfuil siad ag tabhairt litriú na bhfocal leo. Is féidir iarraidh orthu ansin na focail a rá os ard chun an fhoghraíocht a chleachtadh.

### Forbairt / Nótaí

D’fhéadfaí leagan eile den ghníomhaíocht seo a dhéanamh – scríobhann an múinteoir focail nua atá foghlamtha ag na foghlaimeoirí sa bhosca, ach tá botún litrithe iontu. Caithfidh na foghlaimeoirí a rá cá bhfuil na botúin agus iad a cheartú.